



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ LUAIN, 18 MEITHEAMH 2007 – TRÁTHNÓNA, 2.00 p.m. go dtí 5.00 p.m.

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1** amháin a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntais Chríochnaitheacha Chuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe de €1,800,000 ag Ómra Tta atá roinnte ina 1,200,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 600,000 Scair Thosaíochta 10% ar €1 an ceann.

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Áiméar Tta ar 31/12/2006.

	€	€
Foirgnimh ar a gcostas	902,000	
Veaineanna Seachadta (costas €280,000)	190,000	
Lascaine (Glan)		10,800
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2006	17,200	
Stoc ar láimh 1/1/2006	75,200	
Ús bintiúir don chéad cheithre mhí	5,000	
Infheistíochtaí 9% 1/1/06	320,000	
Paitinní (a chorpraíonn ioncam infheistíochta 3 mhí)	24,800	
Ceannacháin agus Díolacháin	1,320,000	1,760,000
Díbhinní eatramhacha don chéad 6 mhí	48,000	
Soláthar in aghaidh drochfhiach		3,200
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	100,400	86,600
Banc		44,000
Tuarastail agus speansais ghinearálta	199,600	
Bintiúir 8%		180,000
Scairchaipiteal Eisithe – Gnáthscaireanna		800,000
– Scaireanna Tosaíochta 10%		400,000
Táillí Stiúrthóirí	48,000	
Cíos	19,600	
Fógraíocht (fionraí san áireamh)	14,800	
	<u>3,284,600</u>	<u>3,284,600</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí luach €85,200 ar an stoc ar a chostas ar 31/12/2006 – cuimsíonn an figiúr seo stoc damáistithe a chosain €6,600 ach a bhfuil luach glan inréadaithe de €2,600 anois air.
- (ii) Tá paitinní, a chorpraíonn ioncam infheistithe 3 mhí, le díscríobh thar thréimhse 5 bliana ag tosú in 2006.
- (iii) Déan soláthar in aghaidh dímhéasa ar veaineanna seachadta ag an ráta bliantúil 12½% den chostas ón dáta ceannaigh go dtí dáta an díola.
NÓTA: Ar 31/3/06 trádáladh veain seachadta, a raibh costas €24,000 uirthi ar 30/6/00, in aghaidh veain nua a chosain €56,000. Tugadh lamháltas €10,000 ar an tseanveain. Caitheadh go mícheart leis an seic ar ghlannméid an bhirt seo mar cheannachán stoc trádála. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (iv) Tarlaíonn an figiúr don Fhionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart d'ús bintiúir (cé go raibh an iontráil cheart déanta sa chuntas bainc) agus lascaine €700 a fuarthas agus nár breacadh ach sa chuntas creidiúnaithe amháin.
- (v) Le linn 2006 scríos dóiteán seomra stórais a chosain €40,000 agus stoc a chosain €12,000. Thóg oibríthe an ghnólachta stóras nua. Caitheadh le costas a gcuid oibre, €19,000, mar chostas gnó agus tógadh ábhair a chosain €51,000 as stoic an ghnólachta. Tá an chuideachta árachais sásta €52,000 a thabhairt mar chúiteamh as an damáiste dóiteáin. Ní dhearnadh coigeartú ar bith sna leabhair maidir leis an seanstóras ná an stóras nua.
- (vi) Tá an figiúr don bhanc sa Chomhardú Trialach bainte as cuntas bainc an ghnólachta. Ach tháinig ráiteas bainc dar dáta 31/12/06 a thaispeánann rótharraingt €42,760. Léiríonn comparáid idir an cuntas bainc agus an ráiteas bainc na neamhréireanna seo a leanas:
 1. Tá seic ar €670 a eisíodh do sholáthraí breactha sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €760.
 2. Íocadh aistriú creidmheasa de €750 díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta ar son féichiúnaí a fógraíodh a bheith féimheach. Is é sin an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 30c sa €1.
 3. Seic le haghaidh táillí de €400 a eisíodh do stiúrthóir ach nár seachadadh le haghaidh íocaíochta fös.
- (vii) Molann na Stiúrthóirí go ndéanfaí:
 - (a) An díbhinn Tosaíochta atá dlite a íoc.
 - (b) Díbhinn deiridh a sholáthar chun an díbhinn iomlán a ardú go dtí 11 cent an scair.
 - (c) Soláthar d'ioncam infheistíochta agus d'Ús Bintiúir araon a dhéanamh.
 - (d) An soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú do 4% d'fhéichiúnaithe.
 - (e) Foirgnimh a dhímheas de réir 2% dá gcostas.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2006. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2006. (45)

(120 marc)

2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe de chuid S. Mhic Coille na hiarmhéideanna seo a leanas - €30,000 dr agus €530 sr ar 31/12/2006. Níor réitigh na figiúirí sin leis an Sceideal (Liosta) d'Iarmhéideanna Féichiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair iad seo a leanas:

- (i) Lascaine de €46 nár lamháladh do chustaiméir, caitheadh léi mar lascaine a lamháladh sa chuntas lascaine.
- (ii) Ús €90 a cuireadh de mhuirear ar chuntas custaiméara a bhí dlite thar téarma, breacadh sa chuntas úis mar €110. Tar éis don chustaiméir gearán a dhéanamh laghdaíodh é sin go €40. Níor breacadh an laghdú sin sna leabhair.
- (iii) Bhí díol ar airgead síos de €1,600 agus díol creidmheasa de €820 breactha ag Mac Coille ar chreidmheas chuntas an chustaiméara.
- (iv) Cuireadh nóta creidmheasa de €520 chuig custaiméir. Ba í an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair ná €52 a breacadh do dhochar chuntas an chustaiméara.
- (v) Sonrasc de €1,560 a chuir Mac Coille chuig custaiméir breacadh sa leabhar lae cuí mar €1,650 é. Agus an breacadh á dhéanamh ón leabhar sin don mórleabhar ní dhearnadh aon iontráil i gcuntas an chustaiméara.
- (vi) Ghlac Mac Coille aisíoc díola de €300 ó chustaiméir agus iontráladh i gceart é sna leabhair. Chuir cléireach na gcuntas nóta creidmheasa amach a thaispeáin táille athstocála de 10% den phraghas díola ach ní dhearnadh an coigeartú ba ghá ach amháin i gcuntas an chustaiméara. Ina dhiaidh sin laghdaíodh an táille go 4% ach níor léiríodh an laghdú sin sna cuntais.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar Coigeartaithe na bhFéichiúnaithe a ullmhú. (22)
- (b) Sceideal Coigeartaithe Féichiúnaithe a ullmhú a léiríonn an chéad iarmhéid. (30)
- (c) Mínigh: (i) Mír contra. (8)
- (ii) Conas a d'fhéadfadh an 'Iarmhéid Tosaigh de €530' thuas tarlú. (8)

(60 marc)

3. Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Ar 1 Eanáir 2002 bhí sealúchas a chosain €670,000 ag Mac Craith Tta, comhdhéanta de thalamh ar €240,000 agus d'fhoirgnimh ar €430,000. Dímheasann an chuideachta a cuid sócmhainní ar ráta 2% sa bhliain ar an modh dronlíneach. Is é polasaí na cuideachta é bliain iomlán dímheasa a chur i bhfeidhm i mbliain an cheannaigh agus gan aon dímheas in aon chor a dhéanamh sa bhliain diúscartha. Is amhlaidh a ceannaíodh an sealúchas seo hocht mbliana roimhe sin, agus gearradh dímheas ina leith in aghaidh an bhrabúis gach bliain de na hocht mbliana sin (ní dhéantar aon dímheas ar thalamh).

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair an ghnólachta:

Ean 1 2002	Sealúchas athluacháilte ar €810,000. Bhain €290,000 den athluacháil seo le talamh.
Ean 1 2003	Díolta ar €340,000 talamh a chosain €240,000, ach rinneadh athluacháil air idir dhá linn ar 1/1/2002.
Ean 1 2004	Foirgnimh ceannaithe ar €470,000. I gcaitheamh 2004, íocadh €150,000 le conraitheoir tógála chun síneadh a chur leis na foirgnimh seo, a ceannaíodh go gairid roimhe sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh chomh maith, agus d'íoc MacCraith Tta. €80,000 pá leo ar an obair seo.
Ean 1 2005	Foirgnimh ina seilbh athluacháilte ar €1,403,000 (méadú 15% i gcás gach foirgnimh ar leith).
Ean 1 2006	Na foirgnimh a bhí i seilbh an ghnólachta ar 1/1/2002 díolta ar €660,000. Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh eile ar €860,000.

Iarrtar ort:

- (a) Na cuntais ábhartha mhórléabhair a ullmhú maidir leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31 Nollaig 2002 go dtí 31 Nollaig 2006. (Ní gá Cuntas Bainc ná Cuntas Brabúis agus Cailteanais.) (55)
- (b) An sliocht ábhartha as an gClár Comhardaithe ar 31/12/2006 a thaispeáint. (5)

(60 marc)

4. Ráiteas Táblach

Tá staid airgeadais Harris Tta ar 1/1/2006 léirithe sa Chlár Comhardaithe seo a leanas:

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 1/1/2006

	Costas €	Dímheas go dáta €	Glan €
Sócmhainní Seasta			
Talamh & Foirgnimh	414,000	12,420	401,580
Feithiclí	<u>68,400</u>	<u>29,700</u>	<u>38,700</u>
	<u>482,400</u>	<u>42,120</u>	440,280
Sócmhainní Reatha			
Stoc	53,820		
Féichiúnaithe	55,530		
Fógraíocht réamhíoctha	<u>1,350</u>	110,700	
Lúide Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain			
Creidiúnaithe	58,680		
Rótharraingt Bainc	9,090		
Pá dlite	<u>2,160</u>	<u>(69,930)</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>40,770</u>
			<u>481,050</u>
Maoinithe ag Caipiteal agus Cúlchistí			
Udaraithe – 765,000 Gnáthscair @ €1 an ceann			
Eisithe – 387,000 Gnáthscair @ €1 an ceann			387,000
Scairphréimh			36,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais			<u>58,050</u>
			<u>481,050</u>

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2006:

Ean.	Ar 1/1/2006 shocraigh Harris Tta Talamh agus Foirgnimh a athluacháil ag €520,000 (Talamh €80,000)
Feabh.	Ar 1/2/2006 cheannaigh Harris Tta gnólacht in aice láimhe a raibh san áireamh ann Foirgnimh €300,000, Feithiclí €50,000, Stoc €20,000 agus Creidiúnaithe €30,000. Íocadh an costas ceannaigh trí 290,000 Scair in Harris Tta a thabhairt don díoltóir ar phréimh de 20c an scair.
Már.	Cuireadh ar ais earraí a dhíol Harris Tta roimhe sin ar €15,000. Ba é praghas díolta na n-earraí sin ná costas móide 20%. I ngeall ar an moill a bhain leis na hearraí a chur ar ais eisíodh nóta creidmheasa a léirigh asbhaint de 10% de phraghas an tsonraisc mar tháille athstocála.
Aib.	Trádáladh feithicil a raibh costas €15,000 uirthi in aghaidh feithicil nua a chosain €34,000. Tugadh lamháltas de €10,000 ar an tseanfheithicil. Ba é an dímheas go dáta ar an tseanfheithicil ná €4,500.
Beal.	Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Bealtaine a léirigh dochar díreach de €3,000 chun fógraíocht a chumhdach don bhliain dar críoch 31/5/2007, agus aistriú creidmheasa de €2,500 a fuarthas chun cíos 10 mí a chumhdach roimh ré ó 1 Bealtaine.
Lún.	Fuarthas íocaíocht de €700 ó fhéichiúnaí ar díscríobhadh a fhiach roimhe sin agus a dteastaíonn uaidh anois trádáil arís le Harris Tta. Is ionann é sin agus 70% den bhunfhiach agus gheall an fiachóir go n-íocfadh sé fuilleach an fhéich i mí Feabhra 2007.
Noll.	Tá dímheas le déanamh ar na Foirgnimh don bhliain de réir ráta 2% den luach de réir na leabhar. Tá an táille dímheasa le ríomh ó dháta na luachála agus ón dáta ceannaigh. Ba é an muirear iomlán dímheasa ar fheithiclí don bhliain ná €20,000.

Iarrtar ort:

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn agus ar an dliteanas (fiachas) ábhartha, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2006 a fháil amach. **(60 marc)**

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Is iad seo a leanas na figiúirí iarbhire don bhliain dar críoch 31/12/2006 agus na figiúirí réamh-mheasta don bhliain 31/12/2007 a bhaineann le Mila CPT., déantóir i dtionscal na cógaseolaíochta. Tá caipiteal údaraithe de €900,000 ag Mila CPT. atá comhdhéanta de 650,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 scair thosaíochta 6% ar €1 an ceann. Tá 325,000 gnáthscair agus na scaireanna tosaíochta go léir eisithe ag an ngnólacht cheana féin.

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2006

	€	€
Díolacháin		820,000
Stoc Tosaigh	50,000	
Stoc Deiridh	55,000	
Costais earraí díolta		<u>615,000</u>
Ollbhrabús		205,000
Speansais oibriúcháin don bhliain		<u>145,000</u>
		60,000
Ús		27,000
Díbhinní		<u>31,000</u>
Brabús Coinnithe		2,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2006		<u>45,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2006		47,000

Cóimheasa agus Figiúirí Réamh-mheasta don bhliain dar críoch 31/12/2007

Tuilleamh an Ghnáthscair	8c
Díbhinn an Ghnáthscair	6.1c
Cumhdach úis	4 huaire
Mearchóimheas	1.1:1
Cóimheas Praghaís le Tuillimh	14 to 1
Toradh ar Chaipiteal in úsáid	8.5%
Giaráil	58%

Clár Comhardaithe mar a bhí 31/12/2006

	€
Sócshainní Seasta	680,000
Infheistíochtaí (luach ar an margadh 31/12/2006: €210,000)	<u>188,000</u>
	868,000
Sócshainní Reatha	187,000
Dlíteanais Reatha	
Creidiúnaithe Trádála	(102,000)
Díbhinní Molta	<u>(31,000)</u>
	<u>54,000</u>
	<u>922,000</u>
Maoinithe ag	
Bintiúir 9% (Faoi urrús 2014)	300,000
Caipiteal agus Cúlchistí	
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	325,000
Scaireanna Tosaíochta 6% @ €1 an ceann	250,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais	<u>47,000</u>
	<u>622,000</u>
	<u>922,000</u>

Luach Gnáthscair amháin ar an margadh €1.20

Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2006

- (a)
 - (i) Na Ceannacháin Airgid más í an tréimhse chreidmheasa atá faighte ó Chreidiúnaithe Trádála ná 2.4 mí.
 - (ii) An Cumhdach Úis.
 - (iii) An Toradh Díbhinní.
 - (iv) An fad ama a thógfadh sé ar Ghnáthscair amháin a luach a aisghabháil ag an ráta íochta amach faoi láthair.
 - (v) Luach réamh-mheasta Gnáthscair amháin ar an margadh in 2007. (45)
- (b) Cuir in iúl cé acu a bheadh sealbhóirí Gnáthscaireanna sásta le feidhmíocht, staid gnóthaí agus lena bhfuil i ndán don chuideachta, nó nach mbeadh. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus as eolas ábhartha eile mar thaca le do fhreagra. (35)
- (c) Cuir comhairle ar an mbainisteoir bainc maidir le cé acu ba cheart iasacht de €150,000, ar a mbeadh ráta úis 10% á ghearradh, a thabhairt do Mila CPT. le haghaidh fairsingiú sa todhchá, nó nár cheart. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus as eolas ábhartha eile mar thaca le do fhreagra. (20)

(100 marc)

6. Gnólacht Seirbhíse

Cuimsíodh iad seo a leanas i sócmhainní agus dliteanais Ionad Sláinte na Darach Tta. ar 1/1/2006: Foirgnimh €500,000; Trealamh €70,000; Troscán ar a chostas €20,000; Stoc de bhia sláinte ar díol €1,300; Ola téimh €640; Creidiúnaithe ar sholáthairtí don Ionad Sláinte €1,250; Infheistíochtaí 5% €70,000; Glantachán ar chonradh réamhíochta €250; Táillí cliant íochta roimh ré €4,300; Caipiteal Údaraithe €430,000 agus Caipiteal Eisithe €300,000. Tá dímheas carntha 2 bhliain ar na sócmhainní seasta go léir ar 1/1/2006.

Is mar seo a leanas atá an Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2006:

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Ionad Sláinte na Darach Tta. don bhliain dar críoch 31/12/2006

	€		€
Iarmhéid sa Bhanc 1/1/2006	7,250	Níochán	800
Táillí Cliant	252,600	Pá & Tuarastail	86,220
Ioncam ó Infheistíochtaí	3,000	Aisíoc ar iasacht €50,000	
Admhálacha Siopa	65,000	ar 1/5/2006 le hús 18 mí.	57,200
		Trealamh	14,000
		Fortheach nua	70,000
		Glantachán	2,600
		Solas agus teas	2,800
		Árachas	6,200
		Teileafón	1,660
		Ceannacháin – siopa	42,100
		Ceannacháin – soláthairtí	36,800
		Iarmhéid sa Bhanc 31/12/2006	<u>7,470</u>
	<u>327,850</u>		<u>327,850</u>

Tá an t-eolas agus na teoracha seo a leanas le cur san áireamh:

1. Stoc deiridh ar 31/12/2006: Siopa €1,600, Ola téimh €250.
2. Déantar an glantachán faoi chonradh iníochta roimh ré agus cuimsíonn sé íocaíocht de €300 le haghaidh Eanáir 2007.
3. Cuimsíonn táillí cliant táillí de €3,000 do 2007. Riaráistí táillí cliant ar 31/12/2006: €450.
4. Ní chuireann an figiúr deiridh don bhanc san áireamh seic obtha €100 a fuarthas ó chliant agus a lóisteáladh go déanach i mí na Nollag.
5. Cuimsíonn Pá agus Tuarastail €12,000 sa bhliain a íocadh leis an bhfáilteoir, a reachtálann an siopa freisin. Meastar 70% den tuarastal sin, €200 den solas agus teas, €500 den árachas agus €340 den teileafón, a bheith ionchurtha i leith an tsiopa.
6. Ar 31/12/2006 shocraigh Ionad Sláinte na Darach Tta ar na Foirgnimh a athluacháil ar €680,000.
7. Leictreachas dlite ar 31/12/2006: €270.
8. Tá creidiúnaithe do sholáthairtí d'Ionad Sláinte na Darach Tta ar 31/12/2006 €1,400.
9. Dímheas le déanamh mar seo a leanas:
 - Foirgnimh 2% dá gcostas don bhliain iomlán.
 - Trealamh 15% dá chostas sa bhliain.
 - Troscán 25% dá chostas sa bhliain.

Iarrtar ort:

- (a) Cúlchistí na cuideachta ar 1/1/2006 a ríomh. (20)
- (b) Brabús/Caillteanas an tsiopa a ríomh don bhliain dar críoch 31/12/2006. (12)
- (c) Cuntas Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2006. (36)
- (d) Clár Comhardaithe a ullmhú ar 31/12/2006. (32)

(100 marc)

7. Taifid Neamhiomlána

Ar 1/1/2006, cheannaigh P. Ó Loinsigh gnólacht ar €590,000 a chuimsigh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas: Áitreabh €560,000; Stoc €19,000; Féichiúnaithe €12,000; Árachas 3 mhí réamhíochta ar an áitreabh €1,600; Creidiúnaithe Trádála €18,200; Pá dlite €2,600 agus Airgead Tirim €200.

Le linn 2006 níor choinnigh Ó Loinsigh sraith iomlán cuntas ach bhí sé in ann an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil ar 31/12/2006.

Íocaíochtaí Airgid: Lóisteálacha €116,000, Speansais Ghinearálta €73,800, Ceannacháin €105,200.

Íocaíochtaí Bainc: Troscán €14,000, Creidiúnaithe €38,800, Solas agus teas €5,400, Ús €2,250, Préimh bhliantúil Árachais ar an Áitreabh €6,800, Veain Seachadta €28,400.

Lóisteálacha Bainc: Féichiúnaithe €61,000, Airgead €116,000, Díbhinní €3,000.

Gach seachtain thóg Ó Loinsigh earraí dar luach €150 as stoc agus airgead €200 le haghaidh speansais teaghlaigh.

Thóg Ó Loinsigh €180,000 ar iasacht ar 1/9/2006 agus baineadh úsáid as cuid de chun áitreabh agus teach cónaithe in aice láimhe a cheannach ar chostas €155,000. Socraíodh go n-íocfadh Ó Loinsigh ús ar lá deiridh gach míosa de réir ráta 5% sa bhliain. Bhí an tsuim chaipitil le haisíoc ina cnapshuim sa bhliain 2015 agus chun soláthar a dhéanamh dó sin bhí an banc le €1,200 a aistriú ar lá deiridh gach míosa ó chuntas gnó Uí Loinsigh go ciste infheistíochta dar tús 30/9/2006.

Mheas Ó Loinsigh gur cheart 25% den Troscán, 20% den ús *iníoctha* don bhliain agus 25% den Solas agus teas a *úsáideadh* a chur i léith na roinne príobháidí den áitreabh.

Cuimsithe i sócmhainní agus dliteanais an ghnólachta ar 31/12/2006 bhí: Stoc €16,400, Féichiúnaithe €20,200, Creidiúnaithe Trádála €30,400, Airgead Tirim €400, Leictreachas dlite €480 agus €25 úis a thuill an ciste go dáta.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2006. (52)
- (b) Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2006. (40)
- (c) (i) An téarma coincheap cuntasáíochta a mhíniú.
(ii) Dhá choincheap bunúsanna cuntasáíochta a ainmniú.
(iii) Coincheap cuntasáíochta mar a bhaineann le cuntais P. Uí Loinsigh a léiriú. (8)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist AMHÁIN

8. Costáil agus Luacháil Stoic

(a) Cionroinnt Forchostais

Tá dhá Roinn Táirgeachta ag Nevis Tta., 1 agus 2, agus dhá Roinn Seirbhíse, A agus B. Is iad seo a leanas na forchostais a bhfuil coinne leo don chéad tréimhse eile.

Forchostas	Iomlán €
Dímheas ar threalamh	16,000
Dímheas ar fhoirgnimh mhonarchan	20,000
Téamh monarchan	9,600
Soilsiú monarchan	2,000
Ceaintín monarchan	10,800

Baineann an t-eolas seo a leanas le Ranna Táirgthe agus Seirbhíse na Monarchan.

	Táirgeacht		Seirbhís	
	Roinn 1	Roinn 2	Roinn A	Roinn B
Méid ina mhéadair chiúbacha	1,500	3,000	1,000	500
Achar urláir ina mhéadair chearnacha	600	800	400	200
Líon fostaithe	60	60	30	30
Luach trealaimh de réir na leabhar	€15,000	€10,000	€5,000	€10,000
Uaireanta meaisín	3,000	1,000		

Iarrtar ort:

- (i) An forchostas atá le hionsú ag gach Roinn a ríomh agus an bonn ar baineadh úsáid as chun an chionroinnt a dhéanamh a lua go soiléir.
- (ii) Costais na Roinne Seirbhíse a aistriú go dtí na Ranna Táirgeachta 1 agus 2 ar bhonn uaireanta meaisín.
- (iii) Rátaí ionsú forchostais in aghaidh na huaire meaisín a ríomh do Ranna 1 agus 2.
- (iv) A mhíniú cad is ciall le ‘hAth-chionroinnt’ Forchostas.
- (v) ‘Ró-ionsú’ na bhForchostas a léiriú agus a mhíniú.

(b) Luacháil Stoic

Is siopa miondíola í CAPE Tta a cheannaíonn agus a dhíolann tráchtearra amháin. Baineann an t-eolas seo a leanas le ceannacháin agus díolacháin an ghnólachta don bhliain 2006.

Tréimhse	Ceannacháin ar Cairde	Díolacháin ar Cairde	Díolacháin ar Airgead
01/01/2006 go 31/03/2006	3,200 @ €5 an ceann	800 @ €10 an ceann	1,000 @ €11 an ceann
01/04/2006 go 30/06/2006	2,100 @ €7 an ceann	1,000 @ €11 an ceann	1,200 @ €10 an ceann
01/07/2006 go 30/09/2006	2,000 @ €8 an ceann	1,200 @ €11 an ceann	1,200 @ €12 an ceann
01/10/2006 go 31/12/2006	1,400 @ €9 an ceann	1,100 @ €13 an ceann	1,000 @ €13 an ceann

Ar 1/1/2006 bhí stoc tosaigh de 3,500 aonad @ €5 an ceann ann.

Iarrtar ort:

- (i) Luach an stoic dheiridh a ríomh agus úsáid á baint as an modh Tús Isteach, Tús Amach (FIFO).
- (ii) Cuntas Tráchtála a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2006.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Tá Aisling Tta ag ullmhú chun gnó a chur ar siúl ar 1/7/2007 agus tá an réamhaisnéis seo a leanas déanta don chéad sé mhí trádála:

	Iúil €	Lúnasa €	M. Fómh. €	D. Fómh. €	Samhain €	Nollaig €	Iomlán €
Díolacháin	425,000	440,000	580,000	590,000	600,000	652,000	3,287,000
Ceannacháin	200,000	215,000	252,000	260,000	350,000	356,000	1,633,000

(i) Is é an praghas díola a bhfuil súil leis ná €50 an t-aonad.

(ii) Meastar go mbeidh an patrún bailiúcháin airgid ó Dhíolacháin mar seo a leanas:

Custaiméirí Airgid - gheofar 30% den ioncam ó dhíolacháin ar airgead síos agus lamhálfar lascaine airgid de 5%.

Custaiméirí Creidmheasa - gheofar 70% den ioncam ó dhíolacháin ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe sin 50% dá gcuid billí sa mhí i ndiaidh díola agus an fuilleach sa dara mí i ndiaidh díola.

(iii) Meastar go mbeith an patrún íocaíochta ó cheannacháin mar seo a leanas:

Soláthraithe Cairde Íocfar as 50% de na ceannacháin sa mhí i ndiaidh iad a cheannach nuair a gheofar 2% lascaine ar airgead tirim. Íocfar as an gcuid eile de na ceannacháin sa dara mí i ndiaidh iad a cheannach.

(iv) Íocfar speansais an chomhlachta mar seo a leanas:

Costais Mheasta Pá €35,000 iníochta gach mí de réir mar a thabhaítear iad. Forchostais athraitheacha €10 an t-aonad iníochta de réir mar thabhaítear iad. Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €42,000 in aghaidh na míosa iníochta de réir mar a thabhaítear iad.

Costais Chaipitiúla Ceannóidh an comhlacht Trealamh ar chostas €45,000 i mí Iúil. Beidh saol úsáideach cúig bliana ag an trealamh. Chun an trealamh sin a a cheannach caithfear iasacht €40,000 a fháil ar ús 10% sa bhliain. Íocfar an t-ús gach mí, ach mí gá an caipiteal a aisíoch go dtí Eanáir 2008.

Iarrtar ort:

- Buiséad airgid a ullmhú do na sé mhí Iúil go Nollaig 2007.
- Cuntas buiséadaithe Brabúis agus Cailteanais a ullmhú do na sé mhí dar críoch 31/12/2007.
- 'Buiséad airgid' a shainmhíniú agus cuir síos a dhéanamh ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis.

(80 marc)

Leathnach Bán

Leathnach Bán